Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025
(OR. en)

8853/25

CULT 48
JEUN 68
AUDIO 39
PI 86
EDUC 145
EMPL 173
SOC 276
DIGIT 86
RECH 204
STAT 24

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha chun tús a chur lena ngairmeacha beatha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) ag an gcruinniú a bhí aici an 13 Bealtaine 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha chun tús a chur lena ngairmeacha beatha**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG FÉACHAINT DON MHÉID A LEANAS:

1. Luach intreach an chultúir mar leas coiteann, saoirse ealaíne agus éagsúlacht chultúrtha, chomh maith le ról na n-earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha i bhforbairt shocheacnamaíoch na hEorpa agus i neartú na féiniúlachta Eorpaí, bhraistint an phobail agus phrionsabail an daonlathais;

2. Go bhfuil ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha ina n-inneall don chruthaitheacht agus don nuálaíocht, ina gcorpraítear luachanna cultúrtha, ina gcuirtear comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch na hEorpa chun cinn, ina bhfeabhsaítear rathúnas, éagsúlacht agus cuimsitheacht ár sochaithe daonlathacha, agus ina bhfeidhmíonn siad mar chumasóirí inbhuanaithe don fhorbairt áitiúil agus réigiúnach;

3. Ról ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha maidir le hearnáil an chultúir a dhéanamh níos athléimní agus níos inbhuanaithe;

4. An rannchuidiú criticiúil a dhéanann ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha leis an éagsúlacht chultúrtha, lena gcur chuige cruthaitheach úr agus lena gcoincheapa nuálacha, chomh maith leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil agus a chur chun cinn[1];

5. Nach bhfuil aon sainmhíniú soiléir ar 'ealaíontóirí óga' nó 'gairmithe óga cultúrtha agus cruthaitheacha' i ndlí AE nó i gcórais dlí na mBallstát[2]**;**

---

[1] Comhshocrú na Náisiún Aontaithe don Todhchaí, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ag Cruinniú Mullaigh na Todhchaí an 22 Meán Fómhair 2024.

[2] Mínítear na téarmaí a úsáidtear sa doiciméad seo a thuilleadh san Iarscríbhinn, faoi 'Sainmhínithe'.

6. Gur minic, gan beann ar a ról nó a stádas mar fhostaithe nó mar dhaoine féinfhostaithe, agus gan beann ar neamhionannas inscne agus cineálacha eile neamhionannais, a bhíonn éiginnteacht, obair eadrannach agus ioncam neamhrialta, staid lag vis-à-vis conraitheoirí, agus easpa rochtana nó gan rochtain ar bith ar an tslándáil shóisialta le sonrú ar staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, ag brath ar an réimse ealaíne lena mbaineann;

7. Gur minic nach mbíonn ach eolas teoranta ag ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a thagann isteach sa mhargadh saothair maidir le fiontraíocht, eacnamaíocht, cuntasaíocht, creataí dlíthiúla (lena n-áirítear cóipcheart agus cearta maoine intleachtúla eile), rochtain ar mhaoiniú agus feasacht ar shlándáil shóisialta;

8. Gur minic nach n-aimsíonn ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, in ainneoin a n-oideachais ealaíne, obair ardcháilíochta in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS), nó go mbíonn sé d'oibleagáid orthu bealaí breise a lorg chun slí bheatha a shaothrú;

9. Ról na n-institiúidí cultúrtha poiblí agus príobháideacha maidir le deiseanna fostaíochta a chruthú, lena n-áirítear trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir le fostaíocht agus meantóireacht, etc. d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha;

10. An gá atá le tionscnaimh chun tacú le healaíontóirí óga agus le gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha atá ag tosú amach ina ngairmeacha, agus le cur chuige níos córasaí chun tacú leis na daoine aonair sin;

11. Go meastar go ginearálta go n-íoctar ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha ar phá íseal, agus nach mór luach saothair cothrom agus leordhóthanach a thabhairt dóibh ar bhealach a léireoidh a n-oideachas, a bhfíor-inniúlachtaí agus a dtaithí ghairmiúil[3];

12. Aitheantas íseal an phobail do thábhacht agus do chineál na hoibre a bhaineann le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus castacht an phróisis chruthaithigh;

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, AR AN LEIBHÉAL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

13. Saintréithe uathúla na ngairmeacha ealaíne agus a ndálaí dúshlánacha oibre a aithint, lena n-áirítear bacainní a bhaineann le míchumas agus inscne, chomh maith le bacainní atá bunaithe ar an tsochaí agus ar chine, an gá atá leis na gairmeacha sin a shainaithint mar fhoinse slí mhaireachtála, agus an gá atá le hurraim chuí a thabhairt do chóipcheart agus do chearta gaolmhara mar aon le cearta maoine intleachtúla eile a thugtar d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a bhaineann le torthaí a ngníomhaíochtaí gairmiúla;

14. Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an meabhairshláinte agus do na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus forbairt beart tacaíochta iomchuí a spreagadh;

15. Machnamh a dhéanamh ar shlándáil shóisialta agus cearta sóisialta leordhóthanacha a fhorbairt nó a fheabhsú d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha;

---

[3] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le creat an Aontais do staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí agus oibrithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (2023/2051(INI);

16. Féachaint le hábhar in oideachas na n-ealaíon a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, chun a éascú do dhaoine óga na hinniúlachtaí uile is gá a fháil in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus foghlaim faoi ábhair thábhachtacha ar nós deiseanna fostaíochta; an fhiontraíocht; cleachtas cothrom; cóipcheart agus an creat maoine intleachtúla níos leithne; uirlisí digiteacha agus teicneolaíocha, lena n-áirítear an intleacht shaorga (IS) – idir na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint aisti agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi; cearta agus oibleagáidí dlíthiúla; slándáil shóisialta; foréigean gnéis agus inscnebhunaithe a chomhrac, agus ar bhonn níos leithne, gach cineál idirdhealaithe a chomhrac; cur chun cinn agus margaíocht; láithreacht ar líne a thógáil; agus caidreamh a chruthú le lucht éisteachta/féachana digiteach;

17. Geallsealbhóirí a bhíonn ag plé le hoideachas sna healaíona a spreagadh chun tionscadail a cheapadh a dtabharfar tacaíocht dóibh faoi chlár Erasmus+ an Aontais maidir le hoideachas agus forbairt scileanna ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha;

18. Geallsealbhóirí a bhíonn ag plé le hoideachas sna healaíona a spreagadh chun an ról atá ag a n-oifigí gairme nó ag institiúidí comhchosúla a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh, nó – i gcás inarb ábhartha – comhar a spreagadh idir maoirseoirí gairme agus institiúidí cultúrtha atá ag feidhmiú i dtíortha an Aontais;

19. Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a bheith i láthair in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, trí fhaisnéis a thabhairt maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta agus maidir le cláir agus tionscnaimh Eorpacha ábhartha eile, cistí an Bheartais Comhtháthaithe san áireamh;

20. Cineálacha foghlama neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla do chách a chur chun cinn agus a éascú, i gcás inarb iomchuí, (e.g. trí na healaíona amaitéaracha), agus foghlaim ar feadh an tsaoil d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha (e.g. trí cheardlanna agus cónaitheachtaí ealaíne), chun a bhforbairt a spreagadh agus an fios gnó agus na scileanna is gá a thabhairt dóibh chun tús a chur lena ngairmeacha;

21. Machnamh a dhéanamh ar líonraí ildisciplíneacha comhair atá ann cheana a fhorbairt agus a chur chun cinn idir ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha atá ag obair in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, in éineacht le hionadaithe ón riarachán poiblí, ó chúrsaí gnó, ó earnáil na tionsclaíochta agus ón saol acadúil, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí agus sna réigiúin faoi mhíbhuntáiste agus i dtíortha agus críocha thar lear;

22. Tacú le gníomhaíocht chruthaitheach agus ealaíonta in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (CCS) agus infheictheacht ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha atá ag tosú amach ina ngairmeacha a mhéadú, i réimsí traidisiúnta agus nua araon, *inter alia* trí chláir thiomnaithe a chruthú;

23. Machnamh a dhéanamh ar chórais éifeachtacha tacaíochta agus scéimeanna dreasachta a chur chun cinn agus a fhorbairt don phátrúnacht phríobháideach, atá dírithe ar ealaíontóirí óga agus ar ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, grúpa atá faoi ghannionadaíocht i margadh an tsaothair, lena n-áirithítear comhtháthú prionsabal cothrom maidir le luach saothair leordhóthanach agus dálaí oibre leordhóthanacha i straitéisí cistiúcháin;

24. Cláir scoláireachta a choinneáil ar bun agus a fhorbairt a thuilleadh d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha;

25. Machnamh a dhéanamh ar ionstraimí atá ann cheana a fhorbairt agus a chur chun cinn nó ionstraimí nua a chruthú (e.g. i bhfoirm tairseach ghréasáin/treorach/nuachtlitreach) atá tiomnaithe d'fhaisnéis úsáideach, do dhea-chleachtais agus do nuacht faoi mhargadh an tsaothair d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus eolas a fhorbairt maidir le healaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a fhostú, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas agus iad siúd ar lú na deiseanna atá acu;

26. Machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ina bhfuil ceangal díreach idir ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha atá bunaithe agus ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha atá óg, agus na tionscnaimh sin a éascú, mar shampla seisiúin thiomnaithe meaitseála, imeachtaí líonraithe nó cláir mheantóireachta chun cabhrú leis an mbearna idir oideachas agus fostaíocht in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a dhruidim;

27. A rannchuidithe nuashonraithe le léarscáil CreativesUnite maidir le dálaí oibre agus gníomhaíochtaí in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a choinneáil ar bun, lena n-áirítear na cinn is infheidhme maidir le healaíontóirí na hÚcráine[4] ;

[4] https://creativesunite.eu/.

**IARRANN SÍ AR AN GCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ AGUS INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

28. I gcomhréir leis an bplé a rinneadh sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa, dálaí iomchuí a chur chun cinn do staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha mar phríomh-shaincheist laistigh de chreat straitéiseach an Aontais don chultúr a bheidh ann amach anseo, an chéad Phlean Oibre eile de chuid an Aontais don Chultúr, chomh maith le hidirphlé leanúnach le comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí Eorpacha;

29. Ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a spreagadh chun páirt a ghlacadh i gcláir atá ann cheana mar shampla Eoraip na Cruthaitheachta (lena n-áirítear Culture Moves Europe), Erasmus+, Erasmus le haghaidh Fiontraithe Óga agus Fís Eorpach. Ina theannta sin, i gcás inarb infheidhme, dreasachtaí a chruthú chun cur ar chumas ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha dea-chleachtais a mhalartú agus taithí a fháil i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha eile atá rannpháirteach sna cláir sin. Chuige sin, ba cheart tionscnaimh a spreagadh faoina gcuirtear seisiúin eolais thrasearnálacha nó ardáin chumarsáide chomhroinnte ar fáil idir pointí teagmhála náisiúnta Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta agus Fís Eorpach;

30. An clár Eoraip na Cruthaitheachta a chur chun cinn a thuilleadh, lena n-áirítear an ghníomhaíocht soghluaisteachta 'Culture Moves Europe' agus tionscnaimh eile, lena gcuirtear ar chumas ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha páirt a ghlacadh i dtionscadail soghluaisteachta cultúrtha aonair agus cónaitheachtaí sna tíortha uile a thagann faoi Eoraip na Cruthaitheachta agus b'fhéidir níos faide i gcéin, rud a d'fhéadfadh cabhrú leo caidrimh ghairmiúla idirnáisiúnta a fhorbairt agus a dhoimhniú;

31. Tionscadail a spreagadh lena ndéanfaí taighde ar staid ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha ag tosú amach i margadh an tsaothair, ag féachaint do reachtaíocht saothair, do chánachas agus do chosaint shóisialta;

32. Breisluach an idirphlé shóisialta a chur chun cinn mar uirlis chun feabhas a chur ar dhálaí oibre ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus tacú le gníomhaíocht lena gcuirtear leis an obair atá bainte amach cheana féin ar leibhéal an Aontais maidir le soghluaisteacht, cánachas (CBL san áireamh), slándáil shóisialta, sábháilteacht agus sláinte ag an obair, soláthar faisnéise agus saincheisteanna eile a bhaineann le healaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, chomh maith le malartú fios gnó agus dea-chleachtas in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chur chun cinn;

33. Agus a neamhspleáchas á urramú go hiomlán acu, a mholadh d'institiúidí cultúrtha agus do chomhlachtaí comhchoiteanna rannpháirtíocht ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha sa phróiseas cinnteoireachta a chur chun cinn;

34. Féachaint an bhféadfaí sonraí maidir le healaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a áireamh sa staidreamh poiblí, i gcás inarb iomchuí agus gan ualach riaracháin iomarcach a fhorchur;

35. Chun feabhas a chur ar ábharthacht scileanna na gclár oideachais agus oiliúna, córais rianaithe uile-Eorpacha atá rialta agus inchomparáide a chur chun cinn – i gcás inarb iomchuí – bunaithe ar thaithí uile-Eorpach thionscadal píolótach 'Eurograduate';

36. Inaistritheacht trasteorann inniúlachtaí in CCS a éascú agus tacú léi;

37. Féachaint an bhféadfaí tacú le cruthú agus leathnú tréimhsí oiliúna ardcháilíochta d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, chomh maith le malartuithe cultúrtha agus cruthaitheacha arna n-éascú trí na cláir agus tionscnaimh Eorpacha ábhartha, lena n-áirítear na Cistí Comhtháthaithe, lenar féidir dea-chleachtais a chomhroinnt agus eagraíochtaí oideachais, oiliúna agus óige a nascadh le heagraíochtaí in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;

38. Leanúint de thacaíocht a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, do ghné chultúrtha Chlár Erasmus+, lenar tacaíodh le tionscadail soghluaisteachta agus comhair na n-institiúidí ardoideachais sna healaíona agus sa chultúr, lenar cuireadh deiseanna ar fáil do dhaoine óga eolas a chur ar an gcultúr agus a bheith i dteagmháil leis, agus lenar ceadaíodh do na mílte institiúidí agus comhlachas atá ag obair san oidhreacht chultúrtha a gcláir oideachais a fhorbairt;

39. Féachaint an bhféadfaí tacú le healaíontóirí óga agus le gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha nach bhfuil mórán deiseanna acu, mar shampla iad siúd ar de mhionlaigh iad nó iad siúd ó thríú tíortha atá comhlachaithe le Clár Eoraip na Cruthaitheachta, ealaíontóirí atá i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe a thagann chuig an Aontas, chun cabhrú leo feabhas a chur ar a dtuilleamh agus a n-iomaíochas i margadh an tsaothair a mhéadú (trí thionscnaimh mar shampla cónaitheachtaí ealaíne, comhairle dlí, cúrsaí, oiliúint agus cistí chun an chruthaitheacht a chur chun cinn);

40. Na hardáin atá ann cheana a úsáid agus a fhorbairt a thuilleadh chun dea-chleachtais[5] atá ann sna Ballstáit a chur i láthair chun ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a dhéanamh níos infheicthe;

41. Cur chun feidhme na gconclúidí seo a mheas faoi 2029;

---

[5] e.g. Ardáin Eorpacha chun ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn (2021-2023): https://culture.ec.europa.eu/creative-europe/creative-europe-culture-strand/european-platforms; Clár Forbartha na nEalaíontóirí (ADP) arna mhaoiniú ag Institiúid BEI:: https://institute.eib.org/whatwedo/arts/artists-residencies/.

**IARRANN SÍ AR AN GCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

42. Machnamh a dhéanamh ar na sainmhínithe a mhapáil atá ann cheana sna Ballstáit ar ealaíontóirí óga agus ar ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, le gur féidir, dá réir sin, comparáid a dhéanamh idir na sonraí a bhaineann le tíortha agus réimsí éagsúla;

43. Tionscnaimh atá dírithe go ginearálta ar ealaíontóirí óga agus ar ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a chur chun cinn tuilleadh, i bhfianaise an ratha a bhí ar Chlár Eoraip na Cruthaitheachta;

44. Iarracht a dhéanamh na próisis iarratais ar mhaoiniú ón Aontas a shimpliú chun an t-ualach riaracháin a bhíonn ar ealaíontóirí óga agus ar ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha a laghdú;

45. Machnamh a dhéanamh ar dheiseanna a fhorbairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha sna cláir Eorpacha atá ann cheana agus sna beartais ábhartha a bheidh ann amach anseo;

46. Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na líonraí téamacha atá ann cheana, arna gcómhaoiniú ag Eoraip na Cruthaitheachta, d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha atá ag obair in earnálacha cultúir agus cruthaitheachta éagsúla[6], agus d'fhonn leas a bhaint as acmhainneacht na n-ealaíontóirí óga agus na ngairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha atá ag cur tús lena ngairmréim;

47. Leanúint de thaighde a spreagadh sa réimse sin, lena n-áirítear taighde trasearnálach; anailís a dhéanamh lena nascfar an cultúr le réimsí éagsúla eolaíocha agus eacnamaíocha; agus machnamh a dhéanamh ar líonraí taighde idirdhisciplíneacha arna gcistiú ag an Aontas a chruthú, agus béim ar leith á leagan ar na healaíontóirí óga agus ar na gairmithe cruthaitheacha, chun na naisc idir na gníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha agus an eolaíocht, an teicneolaíocht, an eacnamaíocht, an nuálaíocht shóisialta agus an tsláinte a fhiosrú.

---

6 Líonraí Eorpacha: https://culture.ec.europa.eu/creative-europe/creative-europeculture-strand/european-networks.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Sainmhínithe:**

Chun críche na gconclúidí seo:

- Meastar gur *ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha* iad siúd atá idir 18-30 bliain d'aois, chomh maith le healaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha d'aon aois, atá ag tosú a ngairmréime;

- Ciallaíonn *earnálacha cultúir agus cruthaitheachta* gach earnáil[7]:

a) ar fíor an méid seo a leanas i leith a ngníomhaíochtaí, a bhféadfadh cuid mhór acu nuálaíocht agus poist a ghiniúint, go háirithe a bhuí le maoin intleachtúil:

 i) tá siad bunaithe ar luachanna cultúrtha agus ar léirithe ealaíonta agus ar léirithe cruthaitheacha eile de chineál aonarach agus de chineál comhchoiteann; agus

 ii) áiríonn siad forbairt, cruthú, táirgeadh, scaipeadh agus caomhnú earraí agus seirbhísí a chorpraíonn léirithe cultúrtha nó ealaíonta nó léirithe cruthaitheacha eile, chomh maith le feidhmeanna gaolmhara amhail oideachas nó bainistíocht;

b) beag beann ar na nithe seo a leanas:

 iii) an bhfuil gníomhaíochtaí na n-earnálacha sin margadh-dhírithe nó an bhfuil siad dírithe ar réimse eile;

 iv) an cineál struchtúir trína seoltar na gníomhaíochtaí sin; agus

 v) an tslí ina maoinítear an struchtúr sin.

Áirítear ar na hearnálacha sin, *inter alia*, an ailtireacht, cartlanna, leabharlanna agus músaeim, ceardaíocht ealaíonta, réimsí closamhairc (lena n-áirítear scannáin, teilifís, físchluichí agus ilmheáin), an oidhreacht chultúrtha idir inláimhsithe agus doláimhsithe, an dearadh (lena n-áirítear dearadh faisin), féilte, an ceol, an litríocht, na taibhealaíona (lena n-áirítear amharclannaíocht agus an rince), leabhair agus foilsitheoireacht, an raidió agus na hamharcealaíona.

---

7 Agus béim ar leith á leagan orthu sin a luaitear in Airteagal 2(1) Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013.

**Tagairtí:**

- Rún ón gComhairle maidir le plean oibre an Aontais don chultúr 2023-2026 (2022/C 466/01);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain do dhaoine óga ar an gcultúr (IO C 326, 3.12.2010, lch. 2);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le hacmhainneacht chruthaitheachta agus nuála na ndaoine óga a chothú (IO C 169, 15.6.2012, lch 1);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le glúine óga cruthaitheacha (2019/C 189/06);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine óga agus Todhchaí na hOibre (2019/C 189/05);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta (2021/C 209/03);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le malartuithe idirchultúrtha a threisiú trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus tríd an ilteangachas sa ré dhigiteach (2022/C 160/07);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le healaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe (2023/C 185/09);
- Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú (C/2024/7446);

- Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1295/2013;

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021 ar staid ealaíontóirí agus an téarnaimh chultúrtha san Aontas (2020/2261(INI));

- Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le creat an Aontais do staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí agus oibrithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta (2023/2051(INI));

- Tuarascáil MOC maidir le Stádas agus Dálaí Oibre na nEalaíontóirí agus na nGairmithe Cultúrtha agus Cruthaitheacha: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/01fafa79-1a13-11ee-806b-01aa75ed71a1/language-en ;

- Tuarascáil ón idirphlé Voices of Culture: Youth, Mental health and Culture [An Óige, an Mheabhairshláinte agus an Cultúr], 2023.;

- Fóram faoi dhálaí oibre ealaíontóirí ar CreativesUnite, ar a ndéantar torthaí shuirbhé agus chinntí ghrúpa MOC a chorprú agus a uasdátú: https://creativesunite.eu/work-condition/;

- Coinbhinsiún UNESCO ar éagsúlacht léirithe cultúir a chosaint agus a chur chun cinn (2005);

- Tionscadal Píolótach Eurograduate: https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/51f88c2e-a671-11ea-bb7a-01aa75ed71a1/language-en;

- Cairt Porto Santo 'An cultúr agus cur chun cinn an daonlathais: i dtreo Saoránacht Chultúrtha Eorpach' (2021);

- Recommendation concerning the Status of the Artist [Moladh maidir le Stádas an Ealaíontóra] UNESCO (1980);

- An chruthaitheacht a chumhachtú: Moladh 1980 ó UNESCO á chur chun feidhme; an 5ú comhairliúchán domhanda 2023;
- Guthanna Cruthaitheacha a Chosaint: Artists in emergencies, Learning from the safety of journalists [Guthanna cruthaitheacha a chosaint: ealaíontóirí i gcásanna éigeandála, Na ceachtanna a fhoghlaimítear i leith sábháilteacht iriseoirí], UNESCO 2023;
- Treoirlínte ón gCoimisiún Eorpach maidir le comhaontuithe cómhargála ag daoine féinfhostaithe aonair;
- Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 'An Eoraip ag Gluaiseacht' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách (Europa.eu);
- Creat UNESCO maidir le hOideachas Cultúir agus Ealaíon, 2024.